

Polasaí Meán Sóisialta

Coláiste Íde



Réamhráiteas

Socraíodh Polasaí Líonraithe Shóisialta a chur le chéile i 2013 chun a chinntiú go bhfuil treoirínite maidir lena húsáid éifeachtach, cóir agus ag teacht leis an reachtaíocht cuí agus is déanaí : Treoirínite na Roinne Oideachais agus Scileanna (PUI), Rialacha an Chomhairle Eorpaigh (2003), An tAcht Um Chosaint Sonraí (1998,2003).Tá dlúth cheangal idir an polasaí seo agus : **An Cód Iompair, An Polasaí Ríomhaireachta, An Polasaí Tromaíochta**

Socraíodh athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí i 2016 le comhairle ón aoi chainteoir.

Scóip

Baineann an polasaí seo le hiompar agus meoin dhaltaí Choláiste Íde faid is atá an éide scoile á chaitheamh acu, faid is atá siad ag déanamh ionadaíochta ar son an choláiste agus faid is atá siad ag glacadh páirt in aon imeachtaí *istigh agus lasmuigh* don coláiste.

Beifear ag siúl le hard chaighdeán iompair a chuirfidh le deá chló an choláiste.

Gaol le Ráiteas Misin & Éiteas an Choláiste

Tá dlúthcheangal idir an cód seo agus éiteas an choláiste mar atá leagtha síos ag Iontaobhaithe Choláiste Íde ‘sa Ráiteas Misin. Cuireann Coláiste Íde timpeallacht foghlamtha sábháilte agus eagraithe ar fáil a chabhraíonn le hoideachas an duine ina iomláine chun meas ar a chéile a chothú i measc baill phobail uile an choláiste.

Is é príomh aidhm an choláiste ná “forbairt an duine ina iomláine”. Is é an brí atá leis seo ná, forbairt ar gach gné de shaol an duine – sóisialta, spioradálta, cruthaitheach, intleachtíúil, aeisteiticiúil, fisiciúil, morálta. Tá sé mar aidhm againn na daltaí a ullmhú chun a n-áit a ghlacadh go fiúntach sa sochaí trí chabhrú leo:-

- Iad féin a fhorbairt go hiomlán ó thaobh anama, coirp, mothúcháin agus intleachta, de réir na mbuanna atá acu.
- Meas a bheith acu ortha féin, ar Dhia agus ar dhaoine eile
- Luachanna cearta a bheith acu mar threoir dá mbeatha.

Réasúnacht

Tá gá le leibhéal ard cúirtéise agus tuisceana do phobal uile an choláiste. Cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm i léith iompar atá drochbhéasach, dainséarach agus a chuireann isteach ar dhaoine eile.

Aidhmeanna

Is é príomh aidhm an pholasáí ná:-

- Timpeallacht foghlamtha, sábháilte a chruthú do chailíní na scoile tri meas ar a chéile a chothú i measc baill phobail uile an choláiste.
- Nós imeachta éifeachtach a chur i bhfeidhm a chinnteoidh riaradh laethúil na scoile de réir na dlíthe cuí
- Deá iompar agus féin mhachnamh a chothú
- Ról gníomhach, éifeachtach, cuí a bheith ag foireann uile na scoile.
- An Polasaí a phlé le tuismitheoirí, cailíní, foireann, bainistíocht an choláiste agus na buntáistí a mhíniú
- Béim a chur ar fhorbairt deá-iompar agus é d'aithint
- Léiriú a dhéanamh ar na straitéisí a úsáidfear chun aitheantas a thabhairt do dheá iompar agus na luachanna saothair a ghabhann leis, agus conas drochiompar a laghdú agus a sheachaint
- Léiriú a dhéanamh ar an idirbheartaíocht a úsáidfear de bharr mí-iompar rialta.

Ról agus Freagracht

Tá an Bord Bainistíochta/ Bord na Stiúrthóirí freagrach as an bpolasaí a dhearbhu, agus tá an fhoireann uile freagrach as an polasaí a chur i ngníomh go laethúil

Cailíní- Treoracha

Beifear ag súil go seasfaidh gach cailín le polasaí an choláiste, agus beifear á shíniú ag tús gach scoil bhliain

- **Sí an dalta féin atá freagrach as a ghníomhaíochtaí féin ar aon suíomh líonraithe shóisialta**
- Déan deimhin de go bhfuil do shocraithe pearsanta i gcónaí an phríobháideach
- Cinntigh go bhfuil pasfhocal ana láidir ag gach cailín (meascán de litreacha móra/beaga/siombail & uimhreacha a úsáid) agus moltar gan é a roinnt le haon duine riamh.
- Ná ghlac le iarratas leantóir cairdiúil ach ó “chairde” amháin agus daoine go bhfuil aithne agat orthu.
- Ná roinn aon eolas pearsanta/scoile nó aon phictiúir le sonraí pearsanta/ an choláiste riamh ar aon ardán meán sóisialta
- Níl cead ag aon chailín faoi 13 cuntas Facebook nó cuntas ar aon ardán meán sóisialta a bheith acu de réir Dlí agus ba chóir go mbeadh aon ardán meán sóisialta faoi mhaoirseacht na dtuismitheoirí go dtí aois a 18: *An tAcht Um Chosaint Príobháideachta Leanáí ar Líne 1998*
- Ná tabhair d’ainm iomlán go poiblí
- Ná tabhair d’uimhir fóin nó seoladh baile nó pasfhocal nó ainm úsáideora d’aon duine riamh.
- Níl cead aon ghrianghraif an choláiste ina bhfuil cailín/ múinteoir nó aon bhall foirne a chur ar aon ardán meán sóisialta riamh
- Níl cead leathanach bréagach Facebook nó cuntas ar aon ardán meán sóisialta riamh a chruthú riamh d’aon cailín nó aon bhall foirne
- Ná tabhair ainm an choláiste d’aon duine riamh ar aon ardán meán sóisialta. Ní cheart aon rud a dhéanamh / a rá ar ardán meán sóisialta nach ndéanfá/ndéarfá de gnáth
- Seachain aon rud/eolas a sheoladh a chabhródh le strainséir tú a aimsiú. Cinntigh go bhfuil do shuíomh geografach casta amach ar gach feidhmchlár i gcónaí.
- Níl cead ag aon chailín a bheith mar ‘chara’ ag aon bhall foirne an choláiste.
- Níl cead ag aon chailín dul ar aon shuíomh líonraithe shóisialta laistigh den lá scoile ná ríomhairí na scoile a úsáid riamh chun teacht ar aon shuíomh líonraí sóisialta
- Sa chás go bhfuil cibearbhulaíocht ar siúl nó aon iompar mí shásúil le feiscint ar aon ardán meán sóisialta is ceart é a phlé le duine fásta láithreach.
- Fan siar ó aon suíomh go mbíonn drochíde nó fuath i gceist leo
- **Cuimhnigh-** nuair a déantar aon eolas a sheoladh ar aon mheán leictreonach/sóisialta níl aon smacht agat ar an eolas sin a thuilleadh.. is féidir le aon duine é a chóipeáil agus a sheoladh ar aghaidh agus ar aghaidh agus ar aghaidh....

Cibearbhulaíocht

Cibearbhulaíocht is sea aon bhulaíocht a déantar ar mheán leictreonach ar nós:

- Trí na líonraí shóisialta
- Trí teachtaireachtaí /cinn le pictiúr ar an nguthán
- Trí ríomh phost
- Trí teachtaireachtaí ar an toirt
- I Seomra Comhrá
- Trí aon Suíomh Idirlíon eile m.sh. Facebook, Twitter, YouTube, Google, Flickr srl.

Sa chás go bhfaigheann tú teachtaireacht atá gnéasach, naimhdeach nó bagrach

1. Tóg gabháil scáileáin láithreach
2. Déan é a phlé le duine fásta
3. Ná tabhair freagra ar an teachtaireacht
4. Coimeád cuntas faoi am agus dáta na dteachtaireachtaí
5. Iarr ar an duine fásta fiosrúcháin a dhéanamh
6. Déan teagmháil leis na gardaí más gá

Cuimhnigh go bhfuil impleachtaí dlíthiúla agus síceolaíochta ag baint le cibearbhulaíocht, déanaimis gach iarracht deireadh a chur leis ar mhaithe le gach duine.

Tuismitheoirí

De réir *An Acht Um Chosaint Príobháideachta Leanaí ar Líne* 1998: ba chóir go mbeadh aon ardán mean sóisialta faoi mhaoirseacht na dtuismitheoirí go dtí aois a 18.

Aithníonn an coláiste tábhacht ról na dtuismitheoirí i bhforbairt agus feidhmiú an pholasaí. Beifear ag siúl go dtabharfaidh siad féin tacaíocht dearfa agus go spreagfaidh siad a n-iníonacha chun cloí leis an bpolasaí.

Moltar go mbeadh na **Treoracha do chailíní** (thuas luaithe) in úsáid agus na cailíní ag baint leas as na meán sóisialta ag a baile, ar mhaithe le sábháilteacht agus dea chleachtas.

- Níl cead ag aon chailín faoi aois 13 leathanach Facebook a bheith aici nó cuntas ar aon ardán meán sóisialta
- Moltar monatóireacht rialta a dhéanamh ar Facebook nó ar aon ardán meán sóisialta má tá leathanach ag cailín idir 13-16.
- Sa chás go bhfuil gearán déanta faoi iompair mí shásúil ar aon mheán shóisialta, déanfar fiosrúcháin láithreach agus beifear ag súil le comhoibriú na dtuismitheoirí i gcónaí ina dtaobh.
- Sa chás go bhfuil gearán déanta faoi eachtra lasmuigh den scoil is féidir comhoibriú na ngardaí a lorg.

Beifear ag súil go dtabharfaidh tuismitheoirí aon eolas cuí/ tábhachtach do údaráis na scoile i gcónaí agus iad a chóimeád ar an eolas ar bhonn leanúnach.

An Fhoireann

Aithníonn Coláiste Íde ról na múinteoirí agus an fhoireann uile i bhforbairt agus caomhnú an pholasaí. Aithníonn an coláiste príomh chuspóir mhúinteoirí ó thaobh múineadh agus foghlamtha de agus an ról lárnach atá acu i mbainistiú iompair na cailíní agus dea iompar a mhúscailt agus a spreagadh.

- Ar mhaithe le sábháilteacht pearsanta moltar nach mbeadh aon bhall foirne ‘cairdiúil’ le aon chailín ar aon suíomh líonraí shóisialta agus ní cheart go mbeadh aon bhall foirne ‘cairdiúil’ le aon iar scoláire faoi 18.
- Sa chás go bhfuil aon bhall foirne gaolta le haon chlann/ cailín scoile iarrtar ort an t-eolas seo a chur i scríbhinn don bPríomhoide/ Bainisteoir.
- Sa chás go bhfuil aon eolas ag aon bhall foirne faoi mhí úsáid ar aon shuíomh líonraí shóisialta i gcomhthéacs na scoile iarrtar ort é a chur in iúl don bPríomhoide/ Bainisteoir láithreach.
- Sa chás go bhfuil fiosrúcháin faoi thromaíocht idir lámha ag aon bhall foirne, iarrtar ort polasaí e i leith tromaíochta Choláiste Íde a leanúint agus cuntas beacht a choimeád faoi na sonraí go léir.

Bord Bainistíochta

- Is é an Bord Bainistíochta a dhéanann bainistiú thar cheann na scoile. Aithníonn an scoil ról an Bhoird Bainistíochta i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an chóid.
- Déantar forbairt ar gach polasaí faoi údarás an Bhoird agus is le húdarás an Bhoird a chuirtear gach polasaí i bhfeidhm

Bord na Stiúrthóirí/Iontaobhaithe

- Is é an Bord Stiúrthóirí a dheineann stiúir ar Coláiste Íde. Aithníonn an coláiste ról na Stiúrthóirí i bhforbairt agus feidhmiú an pholasaí.
- Déantar forbairt ar gach polasaí fé údarás an Bhoird agus is le húdarás an Bhoird a chuirtear i bhfeidhm gach polasaí.

Feidhmiú an Pholasaí

Spreagtar na cailíní inár scoil ina n-iarrachtaí i bhfeidhmiú an pholasaí trí na slite seo a leanas.

- (A) Tugtar an polasaí do thuismitheoirí gach cailín ag tús gach scoil bhliain. Iarrtar orthu é a léamh agus é a shíniú chun a dtacaíocht a léiriú. Glactar leis mar sin go dtugann siad lán tacaíocht don gcód agus go bhfuil said sásta chomh-oibriú leis an scoil chun é a chur i bhfeidhm.
- (B) Ag tús na scoil bhliana, mar chuid den im threorú, agus ag tús gach téarma, déantar an polasaí a mhíniú dos na cailíní agus cuirtear aon athraithe in iúil do gach rang.
- (C) Déantar plé ar rialacha agus treoracha is na cúiseanna atá leo mar chuid d'obair thréadach na scoile agus an tábhacht a bhaineann leo i léith éiteas na scoile a chaomhnú. Déantar an plé seo sa Rang Teagasc Creidimh nó sa rang O.S.P.S.
- (D) Pléitear ceisteanna faoi thromaíocht, ciníochas, gnéasachas, ciapadh, foréigean, leis na cailíní faid is a bhíonn said sa scoil trí eolas a chur ar fáil agus trí aoí chainteoirí a thabhairt isteach. Déantar é seo chun cabhrú leis na cailíní a dtuiscint i leith na gcúrsaí seo a fheabhsú, i dtreo is go mbeidh said in ann a smaointe a thuiscint agus a ngníomhartha a bheith bunaithe ar eolas cruinn agus préamhaithe in éiteas na scoile.

Leanfar Cód Iompair / Polasaí Tromaíochta/ Polasaí Fón Póca na scoile sa chás go bhfuil aon fhiosrúcháin idir lámha maidir leis mí úsáid an pholasaí seo